



Príomhfheidhmeannach
an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
atá ainmnithe sa seoladh.

Imlitir Uimh. 0047/2018

Socruithe do Thoghchán Foirne chuig Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO)
(2018)

A Phríomhfheidhmeannaigh, a chara,

Tá na socruithe do gach céim de thoghchán foirne na mBOO leagtha amach in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (Toghchán Foirne) Rialacháin 2014 (na “Rialacháin”). Déantar foráil sna Rialacháin freisin, nuair is féidir, do chomhdhéanamh painéil chun corrholúntais a líonadh.

Is é cuspóir na hImlitreach ná soiléiriú a thabhairt maidir le gnéithe áirithe den chur i bhfeidhm i gcoitinne chun a chur ar chumas na mBOO socruithe a dhéanamh do thoghchán foirne chuig Boird Oideachais agus Oiliúna má tá folúntais foirne tagtha chun cinn agus mura bhfuil aon phainéal ann chun na folúntais sin a líonadh.

Cuirfear an Imlitir ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.education.ie).

Caithfear an doiciméad seo a léamh i dteannta leis na Rialacháin.

1. Toghchán ball foirne chuig boird oideachais agus oiliúna

1.1 Déantar foráil in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (an tAcht) do thoghchán baill BOO, duine fireann amháin agus duine baineann amháin trí bhaill foirne incháilithe BOO.

1.2 Chun críocha toghcháin na bliana 2018, is ionann “ball foirne incháilithe” agus duine atá fostaithe mar bhall foirne ag an BOO agus a bhfuil a luach saothair i leith na fostaíochta á íoc ag an BOO amhail an 1 Meán Fómhair 2018.

1.3 Ar mhaithe le soiléirithe, baineann ball foirne incháilithe le:



(a) Baill foirne atá ar chonradh seirbhíse ar 1 Meán Fómhair 2018. Bheadh a leithéid de chatagóirí foirne san áireamh: baill foirne bhuaana, lánaimseartha agus páirtaimseartha pro ráta.

(b) Baill foirne nach bhfuil ar chonradh seirbhíse ar 1 Meán Fómhair 2018 ach a thug seirbhís ar an dáta sin agus go bhfuil luach saothar mar chúiteamh ar an tseirbhís sin. D'áireofaí baill foirne páirtaimseartha ar íocaíocht in aghaidh na huaire ar na catagóirí seirbhíse sin.

2. Oifigeach comhairimh

2.1 Tá Príomhfheidhmeannach gach BOO ceaptha mar oifigeach comhairimh don BOO sin ag an Aire Oideachais agus Scileanna chun críocha toghchán foirne an BOO sin.

2.2 Beidh an tOifigeach Comhairimh freagrach, faoi réir ag na rialacháin, d'imeachtaí na dtoghchán.

3. Féilire don phróiseas toghchánach

3.1 Tá féilire dátaí le haghaidh cur i bhfeidhm na dtoghchán seo ar fáil in Aguisín 1 den Imlitir seo.

3.2 Is é an tAire a shocraigh formhór na ndátaí sa sceideal, de réir na Rialachán, agus níl aon chumhacht ag oifigeach comhairimh na dátaí sin a athrú go haontaobhach.

4. Neamh-incháilitheacht grád áirithe d'fhoirne BOO don bhallraíocht ar BOO

4.1 Chun an t-idirdhealú idir feidhmeanna forchoimeáda agus feidhmeanna feidhmiúcháin a choimeád i mBOO, agus de réir Ailt 32 (2) d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, tá, ar ordú an Aire, na gráid foirne shinsearacha bhainistíochta seo a leanas i mBOO neamh-incháilithe le haghaidh ballraíocht bhord oideachais agus oiliúna:

- Príomhfheidhmeannach;
- Oifigeach Oideachais;
- Stiúrthóir Scoileanna;



- Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta;
- Stiúrthóir Breisoideachais & Oiliúna;
- Oifigeach Oideachas Aosach;
- Oifigeach Pearsanra;
- Oifigeach Airgeadais;
- Príomhoide Scoile;
- Bainisteoir agus Bainisteoir Cúnta Ionad Oiliúna;
- Bainisteoir Ionad Oideachais.

4.2 Mar an gcéanna, ar ordú an Aire, tá gach grád foirne eile, a mbaineann a gcuid dualgais go hiomlán nó go príomha le cúramaí riaracháin, feidhmiúcháin nó cléireachais agus a bhfuil an t-uasluach saothair níos airde ná an t-uasluach saothair a íoctar i gcás grád Oifigeach Cléireachais, neamh-incháilithe do bhallraíocht ar bhord oideachais agus oiliúna.

5. Rollaí na dtoghthóirí

5.1 Caithfear rollaí na dtoghthóirí sealadacha ar a mbeidh ainmneacha agus seoltaí na mball foirne incháilithe a ullmhú chun críocha toghchán na mball foirne.

5.2 Ba chóir uimhir uathúil a shannadh do gach duine nuair a cuirtear ar an rolla iad.

5.3 Is féidir gur seoladh oibre seachas seoladh baile toghthóir a bhíonn ar rolla na dtoghthóirí.

6. Ceisteanna

6.1 Ba cheart ceist ar bith faoi chur i bhfeidhm na hImlitreach seo a sheoladh chuig an duine a bhfuil a ainm luaite thíos, Martin O'Brien (Fón: 090 6484232, Martin_OBrien@education.gov.ie)

Martina Mannion
Príomhoifigeach.
Meán Fómhair 2018



Aguisín 1: Féilire Dátaí – Toghchán ionadaithe Foirne chuig BOO 2018

Vótaíocht

Dátaí beartaithe i gcomhair 2018	
Déardaoin 18 Deireadh Fómhair 2018	Comhaireamh na vótaí (9am-)
Dé Céadaoin 17 Deireadh Fómhair 2018 5pm	Dáta deiridh chun páipéir bhallóide chomhlánaithe a fháil
Dé Máirt 9 Deireadh Fómhair 2018	Dáta deiridh chun cáipéisí don toghchán a eisiúint (páipéir bhallóide)
Dé Luain 1 Deireadh Fómhair 2018 Tráthnóna	Fógra Vótaíochta

Ainmniúcháin

Dátaí beartaithe i gcomhair 2018	
Dé hAoine 28 Meán Fómhair 2018 Tráthnóna	Beidh liosta na n-iarrthóirí ar fáil.
Dé hAoine 28 Meán Fómhair 2018	Is féidir le hiarrthóirí tarraingt siar go dtí 12 meán lae
Déardaoin 27 Meán Fómhair 2018 2-5pm	Rialú ar ainmniúcháin
Déardaoin 27 Meán Fómhair 2018 1pm	Dáta deiridh chun ainmniúcháin a fháil
Déardaoin 20 Meán Fómhair 2018	Dáta deiridh chun fógra toghcháin a thabhairt

Clár na dtoghthóirí

Dátaí beartaithe i gcomhair 2018	
Déardaoin 20 Meán Fómhair 2018	Beidh an rolla toghthóirí deiridh ar fáil.
Dé hAoine 14 Meán Fómhair 2018	Leasuithe ar chlár na dtoghthóirí le bheith istigh faoi 12 meán lae.
Dé Céadaoin 12 Meán Fómhair 2018	Beidh rolla toghthóirí sealadach ar fáil
Dé Sathairn 1 Meán Fómhair 2018	Baill foirne fostaithe ag BOO ar an dáta seo i dteideal vótáil sa toghchán.



Aguisín 2

Toghchán Foirne BOO 2018

Ceisteanna Coitianta

1. Cumarsáidí

1.1 Conas ba chóir do BOO cumarsáid a dhéanamh le toghthóirí?

Seachas páipéar ballóide agus doiciméid ábhartha eile mar atá leagtha amach i Rialachán 18 a eisiúint, tá sé faoi dhiscreid ag an Oifigeach Comhaireamh cumarsáid a dhéanamh ar an tslí a shíleann sé nó sí a bheith cuí nó pé céimeanna eile a shíleann sé nó sí is gá a ghlacadh. Is í tuairim na Roinne gur modhanna úsáideacha cumarsáide iad ríomhphost, nuair is féidir, mar aon le fógraí a chur ar láithreán gréasáin an BOO.

1.2 An féidir le toghthóir seoladh eile seachas a s(h)eoladh le linn téarma a úsáid ar an rolla toghthóirí chun críocha cumarsáide?

Tá cead ag toghthóirí iarratas a dhéanamh ar an seoladh atá acu ar an rolla sealadach a athrú. É sin nó b'fhéidir go n-oirfeadh sé níos fearr dóibh a socruithe féin a dhéanamh maidir leis an bpost a sheoladh ar aghaidh chucu.

Mar aon leis sin, níl cosc ar na hOifigigh Chomhairimh gan na páipéir bhallóide agus cáipéisí ábhartha don toghchán a chur ach chuig an seoladh atá ar an gclár. De réir Rialachán 18 (2) is féidir seoladh eile a shíleann an tOifigeach Comhaireamh a bheith cuí a úsáid.

1.3 An gá páipéir bhallóide agus cáipéisí toghcháin eile a eisiúint chuig toghthóirí trí phost cláraithe?

Ní gá. Ba chóir a leithéid de cháipéisí a chur chuig toghthóirí trí ghnáthphost. Molann an Roinn go bhfaigheadh Oifigeach Comhairimh deimhniúcháin phostála.

1.4 Ar chóir postas réamhíoctha a úsáid do na clúdaigh lasmuigh (chun na páipéir bhallóide comhlánaithe a chur ar ais)?

Ba chóir. Ba chóir do BOO clárú le An Post mar úsáideoir gnó agus uimhir cheadúnais a fháil (féach www.anpost.ie agus lean na naisc do Chustaiméirí Gnó, Freagairt Ghnó-Shaorphost) Is é gnó gach BOO socrú a dhéanamh maidir le priontáil na gclúdach litreach réamhíoctha a luaithe a fhaightear an uimhir cheadúnais.

Molann an Roinn go nglacfaidh Oifigeach Chomhairimh leis go dtarlóidh toghchán agus go leantar láithreach chun a leithéid a eagrú.



Tabhair do d'aire, le do thoil, go molann An Post an cárta Gnófhreagra mar an modh is oiriúnaí (féach www.anpost.ie).

1.5 Ar chóir don Oifigeach Comhairimh cead a thabhairt eolas faoi iarrthóirí a chur ar láithreán gréasáin an BOO?

Is gnó é seo a bhaineann leis an Oifigeach Comhairimh. Ionas nach bhféadfaí a rá, áfach, go raibh claonadh ar leith ag an BOO le hiarrthóirí ar leith, is í tuairim na Roinne nár chóir tabhairt faoi chéim dá leithéid ach ar na coinníollacha seo:

- (a) go dtugtar deis do gach iarrthóir a leithéid d'eolas a chur ar fáil
- (b) go nglacann gach iarrthóir leis an deis, agus
- (c) go bhfuil an tsuntasacht céanna ag gach iarrthóir ar an láithreán gréasáin.

1.6 Ar chóir go gceadófaí d'iarrthóirí cáipéisí bolscaireachta a bheith mar chuid den ábhar toghcháin a chuirfidh BOO chuig toghthóirí?

Is í tuairim na Roinne nár cheart do BOO ábhar toghcháin a eisiúint thar ceann iarrthóirí.

2. Rolla na dToghthóirí

2.1 Cén socruithe ba cheart a chur ar bun maidir le rolla na dtoghthóirí?

- (a) Ba cheart rolla na dtoghthóirí a chur ar fáil do na baill foirne sin ar mian leo a dheimhniú go bhfuil siad san áireamh ar an rolla nó ar mian leo a dheimhniú go bhfuil na sonraí ar an rolla cruinn.
- (b) Toisc go bhféadfadh eolas pearsanta a bheith san áireamh, ba chóir don Oifigeach Comhairimh a dheimhniú -:
 - i. go ndéantar rolla na dtoghthóirí a choimeád slán agus nach bhfuil sé le feiceáil in áit phoiblí, ar a n-áirítear áit ar a mbíonn teacht ag micléinn nó ag foghlaimeoirí;
 - ii. nach ndéantar rolla na dtoghthóirí a thraschur go leictreonach;
 - iii. nach bhfuil aon eolas ar rolla na dtoghthóirí seachas ainm agus seoladh toghthóra mar aon lena (h)uimhir uathúil;
- (c) Ag deireadh phróiseas na toghchánaíochta ba chóir don Oifigeach Comhairimh cóip den rolla toghchánaíochta, a d'fhéadfadh a bheith i bhformáid leictreonach, a choimeád



go slán sábháilte ar feadh tréimhse dhá mhí déag agus ag an bpointe sin ba chóir é a scriosadh. Ba chóir gach cóip eile a scriosadh díreach tar éis chríoch na n-ainmniúchán.

2.2 An féidir le hiarrthóirí teacht a fháil ar rolla na dtoghthóirí?

Tar éis an rialaithe ar ainmniúcháin, is féidir le hiarrthóirí teacht a fháil ar chruachóip de rolla na dtoghthóirí atá faoi choimeád go slán in ardoifig an BOO. Mar sin féin, níl cead ag iarrthóirí cóip den rolla nó de chuid den rolla a dhéanamh ná a choimeád.

3. An Próiseas Ainmniúcháin

3.1 Ar chóir d’ainmní a s(h)eoladh oibre nó baile a úsáid ar an bhfoirm dearbhaithe?

Moltar d’ainmnithe a seoltaí oibre a úsáid ar an bhfoirm dearbhaithe.

3.2 Ar chóir d’ainmnitheoir a s(h)eoladh oibre nó baile a úsáid ar an bpáipéar ainmniúcháin?

Lorgáítear seoladh oibre na n-ainmnithe ar an bpáipéar ainmniúcháin.

3.3 An féidir le seachvótálaí an fhoirm toilithe a shíniú?

Ní féidir.

3.4 An féidir le hainmní níos mó ná páipéar ainmniúcháin amháin a shíniú?

Ní féidir. Caithfidh ainmnitheoirí a chur in iúl ar an bpáipéar ainmniúcháin nach bhfuil aon ainmniúchán eile sínithe acu agus ba chóir don ainmní iarradh orthu siúd atá i gceist aige/aici mar ainmnitheoirí é seo a dheimhniú.

4. Páipéir bhallóide

4.1 Cé atá freagrach as priontáil na bpáipéar ballóide a eagrú?

Beidh an fhreagracht as priontáil na bpáipéar ballóide ar gach BOO. Ba chóir a leithéid a dhéanamh “sa teach” gan úsáid a bhaint, más féidir, as seirbhís priontála ón dtaobh amuigh.

4.2 Cad í formáid na bpáipéar ballóide?

Ba chóir páipéir bhallóide a bheith sa bhformáid atá leagtha amach sa teimpléad mar atá i Sceideal na rialachán. Moltar go ndéantar páipéir bhallóide ar leith a phriontáil do



thoghchán baill ó phainéal na n-iarrthóirí mná agus do thoghchán baill ó phainéal na n-iarrthóirí fir, agus go gcuirtear dathanna difriúla orthu seo chun cuidiú le próiseas an chomhairimh. Ba chóir na páipéir bhallóide a uimhriú go seicheamhach, ag tosú le huimhir 1. Ní cóir an uimhir céanna a bheith ar aon dá pháipéar ballóide.

5. An Marc Oifigiúil

5.1 Cathain a chuirfean an marc oifigiúil in iúl do na hOifigigh Chomhairimh?

Cuirfean an “marc oifigiúil” in iúl do na hOifigigh Chomhairimh go luath agus ba chóir d’fhoireann BOO é a leagann ar pholltóirí. Ba chóir gan eolas maidir leis an marc oifigiúil a bheith ach amháin ag an Oifigeach Comhairimh, ag an Leas-Oifigeach Comhairimh agus ag na baill foirne siúd atá gafa leis an bpróiseas.

5.2 An féidir na páipéir a mharcáil leis an marc oifigiúil roimh spriocdháta na n-ainmniúchán?

Chun an t-ualach oibre idir dhúnadh na n-ainmniúchán agus eisiúint na n-ábhar toghchánaíochta chuig toghthóirí a laghdú, is é tuairim na Roinne go bhfuil sé ceart go leor do na hOifigigh Chomhairimh socrú a dhéanamh páipéir gan aon rud orthu a chur á marcáil, ar a ndéanfar na páipéir bhallóide a phriontáil ina dhiaidh sin, roimh an spriocdháta chun ainmniúcháin a fháil. Mar sin féin, ina leithéid de chásanna, caithfidh an tOifigeach Comhairimh na páipéir uile a choimeád go slán sábháilte gach uile thráth. Ba chóir aon pháipéir a bhfuil a leithéid de mharc orthu a scriosadh láithreach nuair is léir nach mbeidh gá leo a thuilleadh.

5.3 Conas a bheidh rochtain ag Oifigeach Comhairimh ar pholltóirí?

Beidh polltóirí ag na BOO a raibh toghcháin le bheith acu. Eagróidh an Roinn go mbeidh fáil ag na BOO eile ar pholltóirí go luath.

5.4 Cad a ba chóir a dhéanamh leis na polltóirí ag deireadh an phróisis toghcháin?

Ba chóir na polltóirí a chur ar ais go dtí an Roinn. Beifear i dteagmháil arís leis na Príomhfheidhmeannaigh maidir leis an ngnó seo nuair a bheidh na toghcháin thart.

6. An Próiseas Vótála

6.1 An gá d’fhinné don bhfoirm dearbhaithe aitheantais a bheith ina b(h)all den BOO?

Ní chaithfidh. Is é an t-aon choinníoll go bhfuil aithne phearsanta ag an bhfinné ar an toghthóir agus go sínítear an dearbhú i láthair an toghthóra.



6.2 Cad a luann finn  at  d fhostaithe mar fhosta ocht aige/aici ar an dearbh  ar an bhfoirm um dhearbhu  aitheantais?

Is f idir leis an duine sin “d fhostaithe” n  “gan post” a scr obh.

7. Bosca  Ball ide

7.1 C n fhreagracht at  ar an Oifigeach Comhairimh maidir leis na bosca  ball ide?

Chun iontaofacht an phr isis toghch in a chaomhn , t  s  r -th bhachtach na bosca  ball ide a choime d go sl n s bh ilte. D  r ir sin, ba ch ir na bosca  ball ide a choime d i bpr iomhoifig an BOO agus gan rochtain a bheith orthu ach ag an Oifigeach Comhairimh, ag an Leas-Oifigeach Comhairimh n  ag baill foirne eile a bhfuil s  mar ch ram orthu na cl daigh chumhdaigh a chur sa bhosca ball ide (agus iad seo teoranta).

7.2 Cad ba ch ir a dh anamh leis na bosca  ball ide ag deireadh phr isis na v t la?

Ag deireadh na v t la ba ch ir don Oifigeach Comhairimh an bosca ball ide a dh nadh lena s(h) ala agus a dheimhni  nach f idir aon ph ip ir eile a chur isteach. Molann an Roinn go nd anfadh na hOifigigh Chomhairimh teagmh il leis an Oifigeach Comhairimh/na Cl raitheoir  Contae chun s ala  c arach a fh il don ghn  seo.

Ba ch ir bosca  ball ide a choime d go sl n s bh ilte. B’fhearr iad a choinne il i l rionad an chomhairimh n  gar d .

7.3 Cad a ba ch ir a dh anamh leis na bosca  ball ide ag deireadh an phr isis toghch in?

Ba ch ir don Phr iomhfheidhmeannach socruithe a dh anamh go h iti il chun na bosca  ball ide a chur ar ais chuig coime d an Chl raitheora Contae/Oifigigh Chomhairimh.

8. F il na gcl dach cumhdach (p ip ir bhall ide comhl naithe)

8.1 C n n s imeachta laeth il ba ch ir a bheith ann le linn na tr imhse ina mb inn na p ip ir bhall ide ag teacht isteach?

Molann an Roinn go nd anfadh an tOifigeach Comhairimh, an Leas-Oifigeach Comhairimh n  ball foirne a ainmn tear chuige, l ithreach nuair a thagann an post laeth il, na cl daigh chumhdaigh a dheighilt  n bpost eile agus na cl daigh seo a chur sa bhosca ball ide. Ba ch ir an bosca ball ide a dhaingni  l ithreach ionas nach bhfuil aon teacht ar an mbosca, ach ag daoine cu  amh in.



8.2 Cad a tharlaíonn má fhaigheann Oifigeach Comhairimh páipéar ballóide ar shlí eile seachas tríd an bpost?

Ba chóir clúdaigh chumhdaigh a fhaightear lasmuigh den phost a fhágáil gan oscailt, agus iad a fhorhnuiniú “ní tríd an bpost”. Coimeádfaidh an tOifigeach Comhairimh iad ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mí tar éis an toghchán a bheith thart, tráth gur féidir leis an Oifigeach Comhairimh iad a dhiúscairt.

9. Lá an chomhairimh

9.1 Cén áit ar chóir do lárionad an chomhairimh a bheith suite?

Baineann an gnó seo leis an Oifigeach Comhairimh, ach d’oirfeadh scoil nó ardoifig BOO ina bhfuil saoráid stórála shlán shábháilte.

9.2 Cé mhéid ball foirne/cén gráid foirne ba chóir a bheith i láthair ar lá an chomhairimh?

Tá sé seo faoi dhiscréid an Phríomhfheidhmeannaigh, ach ba chóir na huimhreacha agus na costais a bheith ar an íosmhéid atá riachtanach chun an toghchán a reáchtáil ar bhealach cúig agus slán.

Is é an t-íosleibhéal foirne a mholtar ná duine nó beirt ag Grád III/IV, duine sinsearach riaracháin (Grád VI) agus Oifigeach Comhairimh.

10. Foireann bhreise

10.1 An féidir le BOO baill foirne breise a earcú chun críocha an toghcháin?

Ní féidir. Níl discréd ag Príomhfheidhmeannaigh maidir le baill foirne bhreise a earcú.

11. Costais

11.1 An ndéanfaidh an Roinn costais bhreise a bhaineann leis na toghcháin a chúiteamh?

Déanfaidh. Cúiteoidh an Roinn costais bhreise a bhíonn ag BOO mar thoradh ar phróiseas an toghcháin. Ba chóir na costais a choimeád ar an íosmhéid atá riachtanach chun na toghcháin a reáchtáil de réir riachtanas Rialachán agus **Imlitir 0047/2018**. Ba chóir do Phríomhfheidhmeannaigh éilimh a chur chuig Rannóg Airgeadais BOO ag deireadh an phróisis toghcháin.



D'fhéadfadh na costais seo a bheith san áireamh:

- Pá (seachas ragobair);
- Pá ragoibre (más ann – sonraí le cur ar fáil);
- Costais postais;
- Costais priontála;
- Costais ábhar.

Ba chóir iarratais ar aisíocaíochtaí a dhéanamh faoi na teidil thuas. Má bhíonn aon chostas lasmuigh de na teidil thuas, ba chóir costais a shainnithint go soiléir.